

Rí Thoraí, Patsaí Dan Mac Ruaidhrí, tar éis bháis

Bhí Rí Thoraí ar dhuine de mhórphearsana shaol na Gaeltachta agus na Gaeilge agus bhí aithne i bhfad agus i ngearr air mar ealaíontóir, mar cheoltóir, mar fheachtasóir agus mar ambasadóir don oileán Gaeltachta

Tá Rí Thoraí, Patsaí Dan Mac Ruaidhrí, tar éis bháis.

Bhí sé 74 bliain d'aois.

Bhí Rí Thoraí ar dhuine de mhórphearsana shaol na Gaeltachta agus na Gaeilge agus bhí aithne i bhfad agus i ngearr air mar ealaíontóir, mar cheoltóir, mar fheachtasóir agus mar ambasadóir don oileán Gaeltachta amach ó chósta Dhún nan Gall.



Rugadh i mBaile Átha Cliath i 1944 agus bhog sé go dtí an t-oileán nuair a d'uchtaigh teaghlach as Toraigh é agus é ceithre bliana d'aois.

Bhí sé ina rí ar Thoraigh ó fuair sé an gradam sin sna 1990í agus is beag duine a thug cuairt ar an oileán ó shin nach raibh scéal acu faoin bhfáilte fhial a chuir an Rí rompu.

B'fhear Gaeltachta go smior é a raibh a chroí agus a anam i dteanga, i gcultúr agus in oidhreacht Thoraí.

Chuir sé féin go mór leis an gcultúr sin mar dhuine d'ealaíontóirí 'scoil phéintéireachta Thoraí', an grúpa as an oileán a raibh an t-ealaíontóir mór le rá Derek Hill ina phátrún orthu. Thug sé le fios i glár faisnéise raidió a craoladh ar RTÉ le gairid go raibh comhfhreagras ar bun idir é féin agus Prionsa Charles na Breataine faoi chúrsaí ealaíne. Dúradh ar an glár gur thug an Prionsa, a raibh Derek Hill mar mhúinteoir ealaíne aige chomh maith, le fios don Rí gurbh é mian a chroí cuairt a thabhairt ar oileán Thoraí.

Fear gnímh ab ea é freisin a ghlac páirt i mórán feachtas ar son mhuintir Thoraí agus na n-oileán.

Bhí sé ar dhuine de na daoine ba mhó a raibh baint acu leis an bhfeachtas i gcoinne athlonnú mhuintir Thoraí go dtí an mhórhír i 1974, tráth a raibh briseadh cumhachta ar an oileán ar feadh dhá mhí, agus is mó feachtas a ghlac sé páirt ann ó shin.

Ba é an ceann deireanach ar ghlac sé páirt ann ná an feachtas i dtaobh cheist chonspóideach sheirbhís farantóireachta Thoraí.

I mí Feabhra na bliana seo bhí Rí Thoraí ar dhuine de na ceoltóirí a thionlaic slua mór chomh fada le geataí na Dála mar chuid d'agóid faoin tseirbhís.

Maireann a bhean Caitlín agus a gceathrar clainne.